Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12027/26**

**PECHE 301**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 373 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú mar atá ina cheanglas faoi Airteagal 118 le haghaidh na tréimhse 2020-2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 373 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 373 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2026
COM(2026) 373 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú mar atá ina cheanglas faoi Airteagal 118 le haghaidh na tréimhse 2020-2024**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú mar atá ina cheanglas faoi Airteagal 118 le haghaidh na tréimhse 2020-2024**

## 1. Réamheolas agus cúlra

Le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[1] ('an Rialachán um Rialú'), déantar foráil maidir le córas rialaithe iascaigh de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh[2] (CBI) a áirithiú. In éineacht leis an rialachán maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN)[3] agus leis an rialachán maidir le bainistiú inbhuanaithe an chabhlaigh sheachtraigh[4], leagtar síos leis an Rialachán um Rialú rialacha agus bearta maidir le rialú, cigireacht agus forfheidhmiú bunaithe ar chur chuige domhanda comhtháite. Is colún bunúsach den CBI é an Rialachán um Rialú lena soláthraítear tacar cuimsitheach uirlisí chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach é.

Tá na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA)[5] agus oibreoirí tráchtála rannpháirteach i rialachas agus i gcur chun feidhme an chórais rialaithe iascaigh san Aontas. Tá feidhm ag an Rialachán um Rialú maidir le slabhra iomlán na ngníomhaíochtaí iascaireachta ón líon go dtí an pláta.

Comhlíonann an doiciméad seo an ceanglas dlíthiúil atá ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin um Rialú sna Ballstáit gach 5 bliana (Airteagal 118(2) den Rialachán um Rialú).

In 2017 agus 2021 ghlac an Coimisiún na tuarascálacha maidir le cur chun feidhme agus meastóireacht an Rialacháin um Rialú lena gcumhdaítear na tréimhsí 5 bliana 2010-2014 agus 2015-2019[6]. Léiríodh leis na tuarascálacha go bhfuil an Rialachán um Rialú fíor-riachtanach chun cuspóirí an CBI a bhaint amach agus chun bearta caomhnaithe agus bainistíochta a fhorfheidhmiú. Bhí sé i gceist le prionsabail agus forálacha an Rialacháin um Rialú dul i ngleic le saincheisteanna ar eascair droch-chomhlíonadh rialacha iascaigh agus ró-iascaireacht fhorleathan astu san am a chuaigh thart. Mar sin féin, sainaithníodh easnaimh mhóra le hiniúchtaí agus fíoruithe a rinne an Coimisiún maidir le cur chun feidhme rialacha fíor-riachtanacha an Aontais. D'fhéadfadh na heasnaimh sin baint amach chuspóirí fadtéarmacha an CBI a chur i mbaol. Thairis sin, cé gur chuidigh an Rialachán um Rialú le feabhas a chur ar

1 IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

2 IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

3 IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

4 IO L 347, 28.12.2017, lch. 81.

5 https://www.efca.europa.eu.

6 COM(2017)192 final, COM(2021)316 final.

an gcóras rialaithe iascaigh agus ar chomhlíonadh rialacha an CBI araon, ní raibh sé go hiomlán oiriúnach don fheidhm (féach Roinn 3.1). Chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh, ghlac an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar chóras rialaithe iascaigh an Aontais[7]. Glacadh an rialachán leasaitheach in 2023[8] ('an Rialachán athbhreithnithe um Rialú'). Níl feidhm ag go leor de na leasuithe a tugadh isteach le hathbhreithniú 2023 ach ó mhí Eanáir 2026 agus, dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh iad don chleachtadh tuairiscithe sin. Ó tháinig an Rialachán athbhreithnithe um Rialú i bhfeidhm, tá tús áite tugtha ag an gCoimisiún d'ullmhú agus do ghlacadh na reachtaíochta tánaistí is gá. Tarlóidh sé sin go príomha tar éis na tréimhse tuairisciúcháin, áfach[9].

Is mórfhorbairt beartais é glacadh an Rialacháin athbhreithnithe um Rialú thar an tréimhse a chumhdaítear. Is céim ríthábhachtach é i dtreo rialú níos éifeachtaí, níos nua-aimseartha agus níos comhsheasmhaí chun tacú le bainistiú iascaigh. Tugann sé aghaidh ar laigí seanbhunaithe i mbailiú sonraí maidir le gabhálacha agus gníomhaíochtaí soithí trí úsáid leathnaithe a bhaint as córais taifeadta dhigiteacha agus cianfhaireachán leictreonach (REM), rud a fheabhsaíonn cruinneas agus trédhearcacht go mór agus a chruthaíonn cothrom iomaíochta. Tríd an digiteáil, tá sé d'aidhm ag an gcreat athbhreithnithe cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a neartú agus tacú le comhlíonadh na gcuspóirí caomhnaithe. Thug sé isteach freisin faireachán níos struchtúrtha agus níos digití ar shoithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus ar iascach áineasa trí chórais dhigiteacha um chlárú gabhálacha agus chuir sé feabhas ar an gcóras smachtbhannaí agus ar na coinníollacha chun é a chur chun feidhme sna Ballstáit agus ar fud na mBallstát. Chuir sé simpliú riaracháin agus laghdú costais chun cinn, go háirithe trí réitigh dhigiteacha a chur in ionad nósanna imeachta páipéarbhunaithe, rud a théann chun tairbhe d'údaráis agus d'oibreoirí araon.

Tugtar forbhreathnú sa tríú tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm phríomhfhorálacha an Rialacháin um Rialú le haghaidh na tréimhse 2020-2024. Is ó na foinsí seo a leanas a thagann an fhaisnéis a chuirtear i láthair: (i) na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit faoi Airteagal 118 den Rialachán um Rialú[10]; (ii) faisnéis ó iniúchtaí, fíoruithe agus cigireachtaí; agus (iii) plé a rinneadh i ngrúpaí saineolaithe um rialú iascaigh agus um chomhlíontacht.

## 2. Cur chun feidhme an Rialacháin um Rialú ag na Ballstáit

Tá na Ballstáit freagrach as cur chun feidhme an chórais rialaithe iascaigh a áirithiú. In 2020-2024, lean na Ballstáit d'fheabhas a chur ar chur chun feidhme an Rialacháin um Rialú,

---

7 COM(2018)368 final.

8 Rialachán (AE) 2023/2842.

9 Ach amháin i gcás an ghnímh maidir le liostú na gcalafort chun tairbhiú den mhaolú ar an gcorrlach lamhháltais: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 14(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le maolú ar an gcorrlach lamhháltais chun meastachán a dhéanamh ar ghabhálacha le haghaidh tabhairt i dtír agus trasloingsithe neamhshórtáilte ó iascaigh pheiligeacha bheaga, iascaigh thionsclaíocha, agus iascaigh pheas-saighne tuinníní trópaiceacha

10 Tá achoimre chuimsitheach mhionsonraithe ar na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit le fáil sa Tuarascáil Achoimre ar na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit de réir Airteagal 118 den Rialachán um Rialú, atá le fáil in Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh in éineacht leis na tuarascálacha bunaidh a cuireadh isteach

cé gur sainaithníodh easnaimh mhóra i roinnt Ballstát le linn na tréimhse tuairisciúcháin, go háirithe maidir le forálacha fíor-riachtanacha maidir le meá agus clárú gabhálacha. Cumhdaítear na pointí sin ar bhealach níos mionsonraithe thíos.

## 2.1. *Coinníollacha maidir le rochtain ar uiscí agus ar acmhainní agus maidir le bainistiú cabhlaigh a rialú*

Chun gníomhaíochtaí iascaireachta a ailíniú le rialacha an CBI, ní mór na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh le ceadúnas iascaireachta agus, i gcás ina bhfuil feidhm ag coinníollacha áirithe, le húdarú iascaireachta. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, tháinig laghdú 6 % ar an líon iomlán ceadúnas iascaireachta bailí arna dtuairisciú ag na Ballstáit, ó 72 562 in 2020 go 68 085 in 2024. Le linn na tréimhse céanna, thuairiscigh na Ballstáit gur cuireadh 1 669 gceadúnas iascaireachta ar fionraí go sealadach agus gur tarraingíodh 6 368 gceadúnas iascaireachta siar go buan. Tháinig laghdú 8 % freisin ar an líon údaruithe iascaireachta, ó 35 128 in 2020 go 32 474 in 2024, agus cuireadh 99 díobh ar fionraí go sealadach agus tarraingíodh 1 664 siar go buan iad.

Chun rialú éifeachtach a áirithiú, ní mór do na Ballstáit córas um fhaireachán soithí (VMS) a oibriú. Ní mór soithí iascaireachta a bhfuil fad foriomlán 12 mhéadar nó níos mó iontu a bheith feistithe le gaireas a chuireann ar chumas na n-údarás inniúil iad a aimsiú agus a shainaithint go huathoibríoch. Léirítear le hanailís ar na sonraí a tuairiscíodh go raibh cumhdach VMS ag 98 % i gcás soithí ar mó iad ná 15 mhéadar in 2020, agus gur thit sé beagán go 96 % in 2024. Tháinig méadú ar an líon soithí a bhfuil fad foriomlán idir 12 mhéadar agus 15 mhéadar acu atá feistithe le VMS, ó 36 % in 2020 go 48 % in 2024. Thuairiscigh na Ballstáit freisin méadú ar chéatadán na soithí ar mó ná 15 mhéadar a bhfad foriomlán atá feistithe le córais aitheantais uathoibríocha, ó 80 % in 2020 go 84 % in 2024.

Is cuid ríthábhachtach é VMS maidir le faireachán agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, lena mbaineann úsáid córas rianaithe satailítbhunaithe chun faireachán a dhéanamh ar shuíomh agus ar ghluaiseacht soithí iascaireachta. Leis an Rialachán athbhreithnithe um Rialú, leathnaíodh úsáid VMS chuig catagóirí cabhlaigh nár cumhdaíodh go hiomlán agus tugadh isteach córas níos éadroime le haghaidh soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán ó 2028 ar aghaidh. Is mór an t-éacht é aghaidh a thabhairt ar an easpa cumhdaigh ar an gcatagóir soithí an-mhór sin. Sonraíodh leis an Rialachán athbhreithnithe um Rialú freisin an chaoi ar cheart do na húdaráis sonraí arna mbailiú ag VMS agus ag córais rianaithe eile a thuairisciú agus a úsáid chun críoch rialaithe agus cigireachta.

Is príomhghné de chóras rialaithe iascaigh an Aontais é rialú na cumhachta innill. Is iad cumhacht innill agus olltonnáiste an dá tháscaire acmhainneachta a bhainistítear tríd an scéim iontrála/imeachta, agus leagtar síos teorainneacha leis an CBI don dá cheann acu. Dá bhrí sin, bíonn bainistiú na hacmhainneachta cabhlaigh, lena n-áirítear an scéim iontrála/imeachta le haghaidh chlár cabhlaigh iascaireachta an Aontais, ag brath ar thaifeadadh beacht iontaofa na bparaiméadar sin. Tar éis na heasnaimh i gcórais rialaithe cumhachta innill na mBallstát a shainaithint, ar easnaimh iad a léiríodh le staidéar 2019 ón gCoimisiún[11], thionscain an Coimisiún idirphléití leis na Ballstáit, lena n-áirítear 15 réamh-idirphlé maidir le tionscnamh imeachta um shárú. Tá dlús curtha ag go leor Ballstát lena n-iarrachtaí an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le cumhacht innill a dheimhniú agus a fhíorú. Mar fhreagairt ar iarrataí le haghaidh tacaíocht bhreise, bunaíodh meitheal theicniúil i mí Mheán Fómhair 2022, ina bhfuil saineolaithe ó na Ballstáit agus a fhaigheann tacaíocht ó shaineolaí seachtrach ar chumhacht innill, chun obair leantach a dhéanamh ar chonclúidí staidéar 2019. Leis an Rialachán athbhreithnithe um Rialú, tugtar aghaidh ar na heasnaimh a sainaithníodh. An

[11] Study on engine power verification by Member States – Final report [Staidéar ar fhíorú cumhachta innill ag na Ballstáit – Tuarascáil chríochnaitheach], Oifig na bhFoilseachán, 2019

ceanglas maidir le faireachán leanúnach a dhéanamh ar chumhacht innill soithí ardriosca, tiocfaidh sé i bhfeidhm an 10 Eanáir 2028[12]. Tá sonraíochtaí teicniúla forbartha ag an meitheal chun cuidiú leis na Ballstáit an ceanglas sin a chur chun feidhme. Tá na treoirdhoiciméid sin ceaptha chun cuidiú leis na Ballstáit ullmhú dá gcur chun feidhme rathúil tráthúil. Tá rochtain ag an bpobal ar an dá threoirdhoiciméad trí Oifig Foilseachán an Choimisiúin[13], rud a éascaíonn ullmhúcháin na mBallstát le haghaidh na rialacha nua a thiocfaidh i bhfeidhm in 2028. Is é is aidhm d'idirchaidreamh leanúnach agus comhroinnt faisnéise ullmhacht agus comhlíontacht a áirithiú.

Chun feabhas a chur ar an bhfaireachán ar shonraí cabhlaigh agus ar acmhainneacht cabhlaigh ar leibhéal an Aontais, coinníonn an Coimisiún clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais ar bun[14]. Áirítear leis an gclár sin bunachar sonraí atá inrochtana go páirteach don phobal.

### 2.2. *Uirlisí tuairiscithe gabhála, meá agus inrianaitheacht*

Chun faireachán éifeachtach a éascú, ceanglaítear ar shoithí iascaireachta an Aontais arb é 10 méadar nó níos mó a bhfad foriomlán logleabhar iascaireachta a choinneáil. I gcás soithí arb é 12 mhéadar nó níos mó a bhfad foriomlán, ní mór é sin a bheith leictreonach (ríomh-logleabhar), cé gur ceadaíodh le díolúine, le linn na tréimhse tuairisciúcháin, do shoithí áirithe a bhfuil fad foriomlán idir 12 mhéadar agus 15 mhéadar acu logleabhar páipéir a úsáid[15]. Léirítear leis na sonraí treocht ghinearálta i dtreo úsáid na logleabhar páipéir a laghdú. Ba é 94 % in 2020 agus os cionn 95 % in 2024 céatadán na soithí ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán a raibh ríomh-logleabhar acu. Tháinig méadú freisin ar chéatadán na soithí a bhfuil fad foriomlán idir 10 méadar agus 12 mhéadar acu a d'úsáid ríomh-logleabhair ó 49 % in 2020 go 66 % in 2024.

B'éigean faireachán a dhéanamh ar ghabhálacha le haghaidh soithí ar lú ná 10 méadar a bhfad foriomlán trí bhíthin pleananna samplála, logleabhair pháipéir, nó nótaí díolacháin. Bhí cion na soithí a bhí faoi réir gach ceann de na modhanna faireacháin sin cobhsaí go leor le linn na tréimhse tuairisciúcháin, agus níor athraigh sé ach cúpla pointe céatadáin i gcaitheamh na mblianta. Ba iad pleananna samplála an cineál modha faireacháin ba mhinice a úsáideadh. I

[12] Airteagal 39a de Rialachán (AE) Uimh. 2023/2842

[13] An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta agus Roos Diesel Analysis B.V, Technical guidance for the monitoring, certification and verification of engine power in EU fisheries control – *Developed by the technical working group on engine power, subgroup of the Expert Group on fisheries control* [Treoraíocht theicniúil maidir le faireachán, deimhniú agus fíorú a dhéanamh ar chumhacht innill i rialú iascaigh an Aontais – Arna forbairt ag an meitheal theicniúil um chumhacht innill, ar foghrúpa é den ghrúpa saineolaithe um rialú iascaigh], an Coimisiún Eorpach, 2025

An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta agus Roos Diesel Analysis B.V, an Coimisiún Eorpach, 2025, Technical specifications and guidance for the implementation of devices for the continuous monitoring of catching vessels' engine power [Sonraíochtaí teicniúla agus treoraíocht maidir le cur chun feidhme gaireas chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar chumhacht innill soithí gabhála]

[14] Clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais.

[15] Go dtí an 10 Eanáir 2026, d'fhéad na Ballstáit soithí a bhfuil fad foriomlán idir 12 mhéadar agus 15 mhéadar acu a dhíolmhú, ar soithí iad: (a) a oibríonn go heisiach laistigh d'fharraigí críche an Bhallstáit brataí; nó (b) nach gcaitheann níos mó ná 24 uair an chloig riamh ar muir ó am a n-imeachta go dtí an tráth a fhillfidh siad ar an gcalafort

dteannta na gcineálacha rialaithe sin, tháinig méadú ar úsáid ríomh-logleabhar ó 537 in 2020 go 1 743 in 2024, ar méadú 225 % é sin.

Tacóidh an Rialachán athbhreithnithe um Rialú leis an treocht sin, trí úsáid ríomh-logleabhar a leathnú de réir a chéile chuig gach soitheach de gach méid.

Is é meá agus clárú cruinn na ngabhálacha bunús an bhainistithe iascaigh. Tá meá agus clárú gabhálacha fíor-riachtanach chun críoch rialaithe, le haghaidh sonraí eolaíocha, chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh cuótaí agus chun ró-iascaireacht a chosc. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, rinne an Coimisiún roinnt mhaith fíoruithe ar mheá agus clárú gabhálacha sna Ballstáit ar fud roinnt imchuach farraige. I roinnt mhaith cásanna, deimhníodh le torthaí mheastóireachtaí an Choimisiúin go raibh easnaimh mhóra ann maidir le meá agus clárú gabhálacha, go háirithe maidir le gabhálacha sórtáilte agus neamhshórtáilte i Muir Bhailt, sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair. Is saincheisteanna seanbhunaithe iad go leor de na heasnaimh sin a sainaithníodh i meastóireachtaí a rinne an Coimisiún roimhe seo. Ní hionann na cásanna ó Bhallstát go chéile, ach áirítear ar na heasnaimh a bhraitear meá a dhéanamh ar chórais neamh-fhormheasta, mainneachtain gach táirge iascaigh a mheá, mainneachtain gabhálacha a dhí-uisciú agus a dhí-oighriú sula ndéantar iad a mheá, asbhaintí neamhchomhlíontacha ó thorthaí na meáite, easpa rialaithe agus forfheidhmithe éifeachtaigh agus clárú treallach gabhálacha tar éis a meá. Baineann na heasnaimh sin an bonn de chuspóirí an CBI a bhaint amach agus, i gcásanna áirithe, cuireann siad leis an meath ar stádas bitheolaíoch na stoc. D'oibrigh an Coimisiún leis na Ballstáit lena mbaineann chun gníomhaíochtaí leantacha a phlé, lena n-áirítear trí phleananna gníomhaíochta a bhunú chun na saincheisteanna a sainaithníodh a leigheas.

Cuideoidh an Rialachán athbhreithnithe um Rialú freisin le haghaidh a thabhairt ar an gcás sin. Ceanglaítear leis go ndéanfaidh oibreoirí údaraithe meá trí úsáid a bhaint as córais arna bhformheas ag na Ballstáit. Na maoluithe ar an gceanglas maidir leis na gabhálacha uile a mheá tráth a dtabhairt i dtír sula n-iompraítear iad, trí shampláil, rialú agus cláir choiteanna um rialú, tá siad fós i bhfeidhm ach déanfaidh an Coimisiún iad a chomhchuibhiú trí reachtaíocht thánaisteach.

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta ó thaobh inrianaitheachta, tá imní fós ann, de réir mar a leanann na Ballstáit de réitigh éagsúla a fhiosrú chun inrianaitheacht táirgí iascaigh a áirithiú. Tá leibhéil éagsúla dul chun cinn déanta maidir le ceanglais inrianaitheachta sheanbhunaithe a chur chun feidhme le haghaidh táirgí iascaigh, ag cloí le creataí rialála arb é is aidhm dóibh trédhearcacht agus cuntasacht maidir le tionscnamh táirgí a áirithiú ar fud an tslabhra soláthair le haghaidh táirgí úra agus reoite. Tá córais dhigiteacha glactha ag roinnt Ballstát chun táirgí iascaigh a thaifeadadh agus a rianú óna bpointí gabhála go dtí an miondíol, rud a chuireann feabhas ar inrianaitheacht agus ar chomhlíontacht.

Thuairiscigh roinnt Ballstát go ndéantar córais inrianaitheachta a chomhtháthú i gcórais náisiúnta faisnéise iascaigh, rud a fhágann gur féidir rianú digiteach éifeachtúil a dhéanamh ar tháirgí iascaigh. Cumasaíonn ardáin dhigiteacha iontráil sonraí ag gach céim den slabhra soláthair—idir iascairí a thuairiscíonn gabhálacha agus phróiseáil agus dáileadh trí úsáid a bhaint as aitheantóirí uathúla nó cóid QR chun taifid iomlána a choinneáil atá inrochtana lena bhfíorú.

Idir an dá linn, tá feabhsuithe teicneolaíochta tugtha isteach ag Ballstáit eile amhail aipeanna agus bogearraí atá deartha go sonrach chun inrianaitheacht a fheabhsú. Leis na huirlisí sin, éascaítear comhroinnt faisnéise i measc oibreoirí, cigirí agus ceannaitheoirí iascaigh, agus tacaítear le faireachán domhain le linn cigireachtaí, rud a chumasaíonn giniúint tuarascálacha fíor-ama chun sláine an tslabhra soláthair a áirithiú. Tá dúshláin fós ann, go háirithe maidir le comhlíontacht iomlán a bhaint amach ar fud an tslabhra soláthair, agus tá gá le caighdeánú sna hearnálacha miondíola agus mórdhíola. Tá drogall ar roinnt Ballstát comhlíontacht chuimsitheach a fhorfheidhmiú go dtí go mbainfear comhsheasmhacht amach ar fud an Aontais, agus tugann siad dá n-aire éagothromaíochtaí maidir le glacadh teicneolaíochta agus forfheidhmiú beartais. Tá deacracht ag cuideachtaí ilnáisiúnta freisin oibríochtaí a ailíniú thar theorainneacha, rud a léiríonn an gá atá le rialacháin chomhchuibhithe.

Cuideoidh an Rialachán athbhreithnithe um Rialú le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin. Tugadh digiteáil isteach leis de réir a chéile le haghaidh na gceanglas inrianaitheachta atá ann cheana agus leathnaigh sé na ceanglais sin chuig táirgí úra agus reoite ó 2029 ar aghaidh, faoi réir rialacha níos mionsonraithe atá le glacadh trí reachtaíocht thánaisteach.

### 2.3. Cláir chigireachta um rialú sonrach (SCIPanna)

Tá na cláir chigireachta um rialú sonrach (SCIPanna) a ghlac an Coimisiún le haghaidh sé imchuach farraige den Aontas[16] curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) agus ag na Ballstáit ar an leibhéal náisiúnta. D'áirithigh EFCA comhordú oibríochtúil na ngníomhaíochtaí cigireachta ar an leibhéal réigiúnach trí phleananna comhimlonnaithe (JDPanna). Ba mhó ná 230 000 an líon iomlán cigireachtaí a rinne na Ballstáit agus EFCA mar chuid de JDPanna ó 2020 go 2024, agus rinneadh níos mó ná 45 000 cigireacht in 2024. Ba é 8 % ar an meán céatadán na sáruithe[17] amhrasta a rinne oibreoirí le haghaidh cigireachtaí ar muir agus ar talamh araon, agus bhí na meáin i gcaitheamh na mblianta agus sna himchuacha farraige i raon ó 2 % agus go dtí níos mó ná 50 %[18]. Bhain formhór na sáruithe amhrasta a rinne oibreoirí a sainaithníodh le linn chigireachtaí an JDP ar muir agus ar talamh le míthuairisciú gabhálacha agus le neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le bearta teicniúla. In 2024, bhí níos mó ná 40 % den líon iomlán sáruithe amhrasta i ngach limistéar seachas sa Mheánmhuir sna sáruithe amhrasta a rinne oibreoirí a bhain le míthuairisciú. Shroich sáruithe míthuairiscithe beagnach 80 % de na sáruithe amhrasta a rinne oibreoirí i Muir Bhailt agus d'ardaigh siad go 50 % sna JDPanna le haghaidh Uiscí an Iarthair san Atlantach Thoir Thuaidh. I JDP na Meánmhara, bhí 30 % de na sáruithe amhrasta uile sna sáruithe amhrasta a bhain le neamhchomhlíonadh rialacha maidir le bearta teicniúla ag oibreoirí agus míthuairisciú, agus bhain an 70 % eile de sháruithe amhrasta le neamhchomhlíonadh rialacha eile nó inrianaitheacht[19].

Le blianta beaga anuas, thairbhigh rialú iascaigh d'úsáid teicneolaíochtaí nua, amhail teicneolaíochtaí um fhaire na cruinne. Trí chomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), tugann EFCA léiriú muirí don Choimisiún agus d'údaráis na mBallstát (córas bainistíochta faisnéise) agus d'úsáid EFCA cianbhraiteacht satailíte chun soithí a bhrath, spriocanna a shainaithint, agus cúraimí faireacháin sonracha eile.

### 2.4. An oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a rialú

Tá an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, a tháinig i bhfeidhm go hiomlán i mí Eanáir 2019, ar cheann de chroíchodanna an CBI. Ó cuireadh tús lena thabhairt isteach de réir a chéile i mí Eanáir 2015, is beag dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir lena chur i bhfeidhm a rialú agus a fhorfheidhmiú. Rinne an Coimisiún roinnt iniúchtaí chun meastóireacht a dhéanamh ar na bearta a ghlac na Ballstáit chun rialú agus forfheidhmiú, an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus doiciméadú cruinn na ngabhálacha uile a áirithiú. Léirigh torthaí na n-iniúchtaí sin (i gcomhar le tuarascálacha eile amhail tuarascálacha meastóireachta

---

16 An tAtlantach Thoir agus an Mheánmhuir; an Mhuir Dhubh; Muir Bhailt; an Mhuir Thuaidh agus roinn ICES IIa; Uiscí Thiar an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus an Aigéin Indiaigh ó 2024

17 Tagraíonn an téarma 'sáruithe amhrasta' do sháruithe arna mbrath ag cigire agus arna dtuairisciú sa tuarascáil chigireachta, sula ndéanann an t-údarás inniúil nó breitheamh cinneadh

18 Tuarascáil Bhliantúil EFCA le haghaidh na bliana 2019.pdf

19 Rinne Ballstát amháin sa Mheánmhuir líon mór cigireachtaí margaidh, rud a mhíníonn go páirteach ar a laghad an difríocht sin idir JDP na Meánmhara agus JDPanna eile

arna n-ullmhú ag EFCA i gcomhar le grúpaí saineolaithe um rialú réigiúnach[20] agus tuarascálacha ó na Ballstáit) go bhfuil gabhálacha á n-aischur go forleathan, go neamhdhleathach agus gan doiciméid i roinnt imchuach farraige. Seoladh nósanna imeachta um shárú in aghaidh cúig Bhallstát toisc nár ghlac siad na bearta is gá chun rialú agus forfheidhmiú na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a áirithiú. Cuireadh deireadh leis na nósanna imeachta um shárú sin in 2024 i bhfianaise fhorálacha an Rialacháin athbhreithnithe um Rialú lenar tugadh isteach rialacha nua arb é is aidhm dóibh rialú agus forfheidhmiú éifeachtach na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a neartú. Áirítear orthu sin córais fheabhsaithe dhigiteálaithe chun gabhálacha a thaifeadadh agus a thuairisciú, córas smachtbhannaí níos déine i gcásanna neamhchomhlíonta, agus suiteáil shainordaitheach faoin 10 Eanáir 2028 ar chórais chianfhaireacháin leictreonaigh (CFL) a oibriú ar bord, lena n-áirítear teilifís ciorcaid iata (TCI). Féadfar a áireamh orthu freisin uirlisí agus/nó trealamh eile, le haghaidh soithí gabhála arb é 18 méadar nó níos mó a bhfad foriomlán agus lena mbaineann ardriosca nach gcomhlíonfar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír.

Tá sé léirithe gurb é REM, lena n-ionchorpraítear TCI agus braiteoirí, an modh is costéifeachtaí le haghaidh na mBallstát chun rialú agus forfheidhmiú gníomhaíochtaí iascaireachta ar muir a áirithiú. In 2024, rinne EFCA, i gcomhar leis na Ballstáit, a threoirlínte teicniúla agus a íos-sonraíochtaí le haghaidh REM a thabhairt cothrom le dáta.[21].

Roimh sprioc-am 2028, tá an Coimisiún ag obair le EFCA chun modheolaíocht measúnaithe riosca a fhorbairt chun na ranna cabhlaigh ardriosca le haghaidh suiteáil REM a chinneadh. Forbrófar rialacha mionsonraithe agus sonraíochtaí teicniúla maidir le suiteáil agus oibriú REM, agus treoirlínte teicniúla EFCA á gcur san áireamh.

### *2.5. Cigireachtaí agus forfheidhmiú*

D'fhan an líon daoine a d'údaraigh na Ballstáit le cigireachtaí iascaigh a dhéanamh cobhsaí ó 13 449 in 2020 go 13 490 in 2024. Is deacair measúnú a dhéanamh ar aon fhíormhéadú ar an líon foirne atá tiomnaithe do rialú ar iascach toisc go bhfuil cumhachtaí éagsúla ag cigirí ar fud na mBallstát[22].

Thuairiscigh na Ballstáit 367 227 gcigireacht san iomlán ó 2020 go 2024. Agus comparáid á déanamh idir cóimheas na gcigireachtaí ar fud na gceithre phríomhshuíomh, rinneadh 50 % díobh i gcalafort/ag gabhálacha a thabhairt i dtír, 25 % ar muir, 21 % ar an margadh, agus 4.5 % le linn iompair.

Thuairiscigh na Ballstáit gur úsáideadh 1 061 shoitheach patróil[23] le haghaidh cigireacht iascaigh in 2020, agus 1 015 in 2024, agus go raibh os cionn 115 000 lá patróil ar muir san iomlán ann le linn na tréimhse tuairisciúcháin 2020-2024, i gcomparáid leis na 100 000 lá patróil nach mór ar muir a tuairiscíodh le haghaidh 2015-2019. Thuairiscigh na Ballstáit freisin

---

[20] Meastóireacht ar Chomhlíontacht - An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach

[21] Treoirlínte agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cur chun feidhme an Chianfhaireacháin Leictreonaigh (REM) in iascaigh an Aontais (2019) - An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach.pdf

[22] Is féidir gníomhairí náisiúnta éagsúla a mheas mar chigirí, ó chigirí speisialaithe iascaigh go póilíní agus gníomhairí atá ag obair mar oifigigh chustaim.

[23] Soithí patróil aonchuspóra agus ilchuspóireacha

72 aerárthach faireachais san iomlán a bhí tiomnaithe do rialú agus d'fhaireachas iascaigh faoi 2024, agus beagnach 33 000 uair an chloig faireachais san iomlán le linn na tréimhse 5 bliana. Tá méadú tagtha freisin ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua faireachais. Faoi 2024, thuairiscigh seacht mBallstát úsáid 56 dhrón, ar méadú é sin ó thuairisciú roimhe seo lenar tuairiscíodh 39 ngaireas a bheith oibríochtúil faoi 2019.

In 2020-2024, thuairiscigh na Ballstáit níos mó ná 551 500 sárú amhrasta arna ndéanamh ag oibreoirí. Léiríodh leis an líon sáruithe tromchúiseacha treocht ghinearálta aníos, ag ardú ó thart ar 1 445 in 2020 go 1 979 in 2024. Ar an meán, bhí sáruithe deimhnithe mar thoradh ar thart ar 1 as 8 sárú amhrasta.

Ba iad na sáruithe amhrasta ba choitianta a rinne oibreoirí na sáruithe sin a bhain le logleabhar iascaireachta agus dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír (26 %), inrianaitheacht (25 %), agus soithí iascaireachta nach gceanglaítear orthu logleabhar a úsáid ná ceanglais maidir le dearbhú maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír a chomhlíonadh (8 %). Ba iad seo a leanas an líon sáruithe amhrasta faoi gach teideal den Rialachán um Rialú: 53 % le haghaidh Theideal IV: Rialú ar iascach; 41 % le haghaidh Theideal V: Margaíocht a Rialú agus 6 % le haghaidh Theideal III: Coinníollacha ginearálta maidir le rochtain ar uiscí agus ar acmhainní.

In 2019, sheol an Coimisiún staidéar ar chórais smachtbhannaí na mBallstát[24]. Ba é an cuspóir a bhí leis anailís agus measúnú domhain a sholáthar ar fheidhmiú na gcóras náisiúnta smachtbhannaí, agus ar na smachtbhannaí a chuir na Ballstáit i bhfeidhm i leith sáruithe idir 2015 agus 2019. Fuarthas amach leis an staidéar go raibh an creat dlíthiúil ba ghá sna Ballstáit iomlán den chuid is mó agus gur chuir go leor Ballstát feabhas ar a gcreat dlíthiúil i gcomparáid leis na 5 bliana roimhe sin. Mar sin féin, cuireadh i dtábhacht leis an staidéar freisin gur cuireadh moill ar chur chun feidhme chóras na bpointí i roinnt Ballstát nó nach raibh sé ag feidhmiú go fóill, mar aon le heasnaimh eile cur chun feidhme, amhail fad na n-imeachtaí le haghaidh an phróisis smachtbhannaí agus leibhéal na smachtbhannaí a forchuireadh. Léiríodh leis na torthaí sin, cé gur tháinig feabhas ar an staid in 2015-2019 i gcomparáid le 2010-2014, gur cheart níos mó a dhéanamh chun cothrom iomaíochta agus éifeachtacht, athchomhairleacht agus comhréireacht na smachtbhannaí a chuirtear i bhfeidhm i ngach Ballstát a áirithiú. De réir thorthaí an staidéir agus shonraí ábhartha eile, sheol an Coimisiún 15 réamh-idirphlé thiomnaithe maidir le tionscnamh imeachta um shárú leis na Ballstáit lena mbaineann. Ní mór na hathruithe substainteacha a tugadh isteach leis an Rialachán athbhreithnithe um Rialú a chur san áireamh, lena ndéantar, ón 10 Eanáir 2026, córais forfheidhmithe agus smachtbhannaí na mBallstát maidir le cionta iascaigh a neartú agus a chomhchuibhiú a thuilleadh. Cuideoidh na hathruithe sin le haghaidh a thabhairt ar na laigí atá fós ann san fhorfheidhmiú ag na Ballstáit, lena n-áirítear trí smachtbhannaí riaracháin íosta a chomhchuibhiú, liosta na sáruithe tromchúiseacha a leathnú agus na rialacha atá ann cheana maidir le córas na bpointí le haghaidh máistrí a neartú.

[24] Staidéar ar chórais smachtbhannaí na mBallstát i leith sáruithe ar rialacha an Chomhbheartais Iascaigh

*2.6 Sonraí agus faisnéis*

Tuairiscíonn na Ballstáit sonraí maidir le gabhálacha agus iarrachtaí don Choimisiún go tráthrialta. Fágann sé sin gur féidir faireachán a dhéanamh ar ghabhálacha iomlána incheadaithe agus ar thomhaltas cuótaí. Is príomhghné d'obair na mBallstát agus an Choimisiúin chun feabhas a chur ar fhaireachán ar chuótaí é cáilíocht sonraí a áirithiú, agus cáilíocht sonraí á háirithiú trí bhailíochtú agus cros-seiceáil iomchuí sonraí. Maidir leis an oibleagáid córas uathoibrithe cros-seiceála agus bailíochtaithe sonraí a bhunú, tá fíoruithe uathoibríocha agus cros-seiceálacha curtha chun feidhme go hiomlán ag 8 as 22 Bhallstát. Níl bailíochtú agus cros-seiceáil uathoibríoch na sonraí iascaigh a cheanglaítear faoi Airteagal 109 den Rialachán um Rialú curtha chun feidhme go hiomlán ag formhór na mBallstát go fóill. Cé go bhfuil na córais TF is gá bunaithe ag a bhformhór acu, níl nósanna imeachta córasacha doiciméadaithe ag go leor acu chun aimhrialtachtaí sonraí a shainaithint agus chun obair leantach a dhéanamh orthu, amhail neamhréireachtaí i ndoiciméadacht maidir le gabhálacha agus sonraí maidir le gabhálacha nach bhfuil dealramh leo. Ní mór do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh faoin 10 Eanáir 2027 chun na coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le bailíochtú sonraí agus cros-seiceáil sonraí a leagtar amach in Airteagail 49 go 52 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 ón gCoimisiún a chomhlíonadh. Tá trí Bhallstát ag oibriú cros-seiceálacha uathoibrithe i bpáirt faoi láthair in éineacht le fíoruithe láimhe, agus níl córais cros-seiceála uathoibrithe bunaithe ag seacht mBallstát go fóill.

Chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht an mhalartaithe sonraí a fheabhsú, in 2016 leag an Coimisiún amchlár ceangailteach síos le haghaidh na mBallstáit chun caighdeán NA/FLUX (Teanga Iascaigh na Náisiún Aontaithe don Mhalartú Uilíoch) a thabhairt isteach le haghaidh bainistiú sonraí iascaigh. Leis an gcaighdeán NA/FLUX, is féidir le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus tíortha ar fud an domhain caighdeán uilíoch aonair a úsáid den chéad uair chun bailiú agus scaipeadh a sonraí maidir le gabhálacha iascaigh a uathoibriú. Déantar an caighdeán a chomhchuibhiú freisin le caighdeáin um malartú sonraí leictreonacha in earnálacha eile trí úsáid a bhaint as caighdeáin NA/CEFACT (Lárionad na Náisiún Aontaithe um Éascú Trádála agus um Ríomhghnó), e.g. le haghaidh cánacha agus inrianaitheacht bia. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, d'oibrigh an Coimisiún go dian leis na Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfidh siad NA/FLUX chun feidhme. Tá an córas malartaithe 'Sraith Iompair FLUX' (FLUX TL) oibríochtúil anois sa Choimisiún agus sna 23 Bhallstát uile lena mbaineann. Déantar na malartuithe uile ar shonraí iascaigh trí úsáid a bhaint as ardán lárnach malartaithe sonraí arna óstáil ag AS MARE. Is féidir an t-ardán seo a úsáid freisin chun sonraí agus ábhar bailíochtaithe i bhformáidí caighdeánacha a sheoladh chuig an gCoimisiún. Déanann na Ballstáit uile sonraí comhiomlánaithe maidir le gabhálacha, sonraí maidir le suíomh soithí agus sonraí maidir le cabhlaigh a mhalartú leis an gCoimisiún anois in NA/FLUX.

## 3. Bearta a rinne an Coimisiún

Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, lean an Coimisiún de ról lárnach a bheith aige maidir le tacú le cur chun feidhme chóras rialaithe iascaigh an Aontais agus formhaoirseacht a dhéanamh air. Áiríodh leis sin na struchtúir a choinneáil ar bun lenar féidir sonraí iascaigh a mhalartú, iniúchtaí agus fíoruithe a dhéanamh, treoraíocht a thabhairt do na Ballstáit, agus grúpaí saineolaithe a thionól chun gnéithe teicniúla na rialacha rialaithe a shoiléiriú. Neartaigh na

bearta sin cur chun feidhme an Rialacháin um Rialú agus rannchuidigh siad le córas rialaithe níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí ar fud an Aontais.

### *3.1. Reachtaíocht agus forbairt beartas*

Forbairt mhór le linn na tréimhse tuairisciúcháin ab ea an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air ar eascair glacadh an Rialacháin athbhreithnithe maidir le Rialú ar Iascach as, atá i bhfeidhm ó bhí mí Eanáir 2024 ann. Freagraíonn an t-athbhreithniú do dhúshláin sheanbhunaithe a sainaithníodh i meastóireachtaí, in iniúchtaí agus i gcomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, agus léiríonn sé an t-aitheantas go bhfuil rialú éifeachtach fíor-riachtanach le haghaidh iascach inbhuanaithe, iomaíocht chóir agus iontaoibh tomhaltóirí.

Cuirtear eolas eolaíoch agus teicneolaíoch nua san áireamh leis an athbhreithniú freisin. Cuireann sé borradh faoi chumas an Aontais iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a chosc i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta. Tá iomaíocht chóir ar fud na mBallstát agus cóir chomhionann idir oibreoirí lárnach sa chóras athbhreithnithe, lena ndéantar sainmhínithe ar fud an CBI agus dhlí an bhia a ailíniú agus lena leathnaítear rialacha rialaithe chuig raon níos leithne gníomhaíochtaí agus soithí. Leis an athbhreithniú, tugadh tús áite do shimpliú agus do mhaolú an ualaigh riaracháin, tríd an digiteáil den chuid is mó agus de réir a chéile le linn thréimhse 5 bliana.

Leis an gcreat nua, tugtar isteach nuachóiriú cuimsitheach ar rialú ón líon go dtí an pláta. Is gnáthrud é an tuairisciú digiteach do gach soitheach, agus soláthraíonn ríomh-logleabhair, dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír agus nótaí díolacháin faisnéis níos iomláine agus níos tráthúla. Déanfar sonraí maidir le suíomh soithí a tharchur i bhfíor-am agus beidh feidhm ag inrianaitheacht dhigiteach ar fud an tslabhra soláthair ina iomláine, lena n-áirítear táirgí allmhairithe, sa chaoi gur féidir gach táirge iascaigh agus dobharshaothraithe a rianú siar go dtí a bhfoinse. Leathnaíonn an córas an faireachán chuig iascach áineasa agus mionscála agus éilíonn sé taifeadadh níos fearr ar ghabhálacha de thaisme de speicis íogaire. Neartaítear leis freisin na rialacha maidir le trealamh iascaireachta ré caite a thabhairt ar ais agus a thuairisciú chun cuidiú le bruscar muirí a theorannú.

Is féidir feabhas a chur ar an bhfaireachán ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír trí REM, lena n-áirítear TCI, le haghaidh soithí ar mó ná 18 méadar a bhfad foriomlán a mheastar a bheith ina soithí ardriosca. Rinneadh an creat forfheidhmiúcháin a thabhairt cothrom le dáta agus a shimpliú, le sainmhíniú níos soiléire ar sháruithe tromchúiseacha, córas pointí níos comhchuibhithe agus níos trédhearcaí, agus cláir náisiúnta fheabhsaithe de sháruithe a thacaíonn le comhroinnt chórasach faisnéise. I dteannta a chéile, cruthaíonn na hathruithe sin timpeallacht forfheidhmiúcháin níos comhsheasmhaí agus níos intuartha agus fágann siad go bhfuil níos mó muiníne as an CBI.

Cuireann an t-athbhreithniú freisin le torthaí mheastóireacht REFIT ar an Rialachán um Rialú a bhí ann roimhe seo, lenar cuireadh i dtábhacht an gá atá le rialacha níos simplí agus níos éifeachtúla. Léirítear an fócas sin ar shimpliú ar fud an chreata nua. Lean an Coimisiún de

phrionsabail REFIT a chur i bhfeidhm agus an reachtaíocht thánaisteach á hullmhú aige, agus aird ar leith á tabhairt ar shimpliú, ar chomhréireacht agus ar chur chun feidhme praiticiúil. Déanfar go leor forálacha teicniúla a chomhdhlúthú de réir a chéile agus a thabhairt cothrom le dáta freisin trí shraith gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe, lena bhfuiltear ag súil go laghdófar an líon airteagal agus iarscríbhinní atá ann cheana i ngníomh cur chun feidhme 2011[25] agus go soláthrófar treoraíocht níos soiléire agus níos oibríochtúla. I gcomhréir le clár oibre an Choimisiúin um Rialáil Níos Fearr, laghdaíonn an t-athbhreithniú an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis, cuireann sé uirlisí digiteacha in ionad próisis pháipéarbhunaithe, déanann sé ceanglais tuairiscithe agus inrianaitheachta a chuíchóiriú, agus soiléiríonn sé sainmhínithe agus nósanna imeachta chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a áirithiú.

Agus an Rialachán athbhreithnithe um Rialú glactha, díreofar ar an gcur chun feidhme. Tá sraith chuimsitheach gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe á hullmhú ag an gCoimisiún chun na sonraíochtaí teicniúla is gá a sholáthar chun na rialacha nua a chur i bhfeidhm de réir a chéile in 2024, 2026[26], 2027 agus 2028. Cumhdaítear le raon feidhme na ngníomhartha sin, i measc nithe eile, ceanglais mhionsonraithe maidir le tuairisciú leictreonach, inrianaitheacht dhigiteach, uirlisí geoshuite le haghaidh soithí beaga, REM, agus nósanna imeachta um meá agus sampláil. Sheol an Coimisiún comhairliúcháin fhorleathana leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara chun a áirithiú go bhfuil an reachtaíocht thánaisteach oibríochtúil, comhréireach agus comhsheasmhach le rialú rioscabhunaithe.

Leis an reachtaíocht athbhreithnithe, soláthraítear creat rialaithe níos nua-aimseartha, níos éifeachtúla agus níos trédhearcaí a thacaíonn le hiascach inbhuanaithe, le hiomaíocht chóir agus le tomhaltóirí eolasacha. Díreoidh an Coimisiún sna blianta amach romhainn ar a áirithiú go gcuirfear an córas nua chun feidhme go hiomlán agus go comhsheasmhach ar fud an Aontais sa chaoi go mbainfear cuspóirí an CBI amach sa chleachtas. Beidh a chuid iarrachtaí bunaithe ar an sprioc simpliú agus laghdú ar an ualach riaracháin a áirithiú. Tá ról ríthábhachtach ag na Ballstáit freisin sa chur chun feidhme agus ní mór dóibh leas iomlán a bhaint as an iliomad idirthréimhsí dá bhforáiltear leis an gcreat athbhreithnithe chun an cur chun feidhme sin a ullmhú ar a leibhéal féin.

### *3.2. Sonraí agus faisnéis*

In 2020-2024, lean an Coimisiún den bhonneagar TF is gá a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit sonraí iascaigh a mhalartú i bhformáid NA/FLUX. Tugadh bogearraí FLUX TL go leibhéal aibíochta teicneolaíochta i gcás ina bhfuil sé in ann méid an mhalartaithe sonraí a láimhseáil, rud a mhéadóidh a thuilleadh de réir mar a leathnófar oibleagáidí tuairiscithe VMS agus ríomh-logleabhair chuig gach soitheach faoin Rialachán athbhreithnithe um Rialú.

---

[25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú

[26] C(2025)5784, C(2025)7501, C(2025)815, C(2025)2888

Lean an Coimisiún de dhoiciméid cur chun feidhme a mholadh, i bhfoirm gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe ina bhfuil na rialacha mionsonraithe maidir le malartuithe sonraí laistigh den Aontas agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta araon. Comhaontaítear na doiciméid sin leis na Ballstáit tríd an nGrúpa Saineolaithe um an gCóras Tuairiscithe Leictreonaigh agus um Bainistiú Sonraí.

Tá formáidí caighdeánaithe forbartha ag an gCoimisiún chun sonraí maidir le húdaruithe iascaireachta agus tuarascálacha cigireachta a mhalartú. Tháinig córas LICENCE chun údaruithe iascaireachta a mhalartú idir na Ballstáit, tríú páirtithe agus an Coimisiún i bhfeidhm i mí na Nollag 2020. Lean a fhorbairt de na húdaruithe cabhlaigh iascaireachta seachtracha uile a chuimsiú. Faoi láthair, tá an chumarsáid idir na Ballstáit agus an Coimisiún go hiomlán leictreonach le haghaidh gach údaraithe seachas ICCAT (an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Tuinníní an Atlantaigh) agus an Coimisiún Ginearálta Iascaigh le haghaidh na Meánmhara. Tá malartú iomlán leictreonach idir an Coimisiún agus an tríú páirtí i bhfeidhm don Iorua, d'Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh agus do NEAFC (an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh).

Tugadh aghaidh anois ar iascaireacht áineasa, a bhí ina caochspota rialála roimhe seo, leis an Rialachán athbhreithnithe um Rialú, rud a dhúnann lúb ar lár mór ó thaobh tuairisciú gabhálacha agus tuiscint ar thionchar na n-iascach áineasa ar stoic áirithe. Sheol an Coimisiún, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, treoirthionscadal i mí na Samhna 2019 chun 'scéim rialaithe le haghaidh gabhálacha áineasa doingean mara' a fhorbairt agus a thástáil[27]. Tá uirlis chomhtháite TF forbartha ag conraitheoir seachtrach chun cur ar chumas iascairí áineasa na húdaráis náisiúnta a chur ar an eolas go tapa faoina ngabhálacha laethúla trína gclárú. Forbraíodh ardán gréasánbhunaithe chun na sonraí maidir le gabhálacha a fháil (RecFishing.eu), agus leathnaíodh a thuilleadh é, i bhfianaise rath an treoirthionscadail, mar bhonn don réiteach tuairiscithe ó cheann go ceann dá bhforáiltear sa Rialachán athbhreithnithe um Rialú[28] Cuireadh na torthaí i láthair sa seimineár gréasáin 'Faireachán agus rialú ar iascaigh áineasa' i mí na Nollag 2020[29].

### 3.3. *Gníomhaíochtaí fíorúcháin agus faireacháin arna ndéanamh ag an gCoimisiún*

Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil córais rialaithe iascaigh éifeachtacha i bhfeidhm acu. Tá an Coimisiún freagrach as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin um Rialú agus rialacha an CBI ag na Ballstáit. Chun éifeachtacht a gcóras rialaithe agus comhlíonadh rialacha an CBI ag na Ballstáit a fhíorú, déanann an Coimisiún iniúchtaí, fíoruithe agus cigireachtaí uathrialacha.

Le linn na tréimhse tuairisciúcháin, bhí tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar chumas an Choimisiúin iniúchtaí agus fíoruithe a dhéanamh. D'ainneoin na ndúshlán sin, rinneadh thart ar 50 iniúchadh agus fíorú, lena n-áirítear obair leantach ar phleananna gníomhaíochta

---

27 Scéim rialaithe maidir le gabhálacha áineasa de dhoingin mhara

28 Cuireadh an réiteach tuairiscithe sin ó cheann go ceann, ar iarr 13 Bhallstát é a úsáid, i bhfeidhm an 9 Eanáir 2026

29 https://ec.europa.eu/oceans-and-fisheries/news/webinar-recreational-fisheries-monitoring-and-control-2020-12-04_ga.

leanúnacha (féach thíos). Díríodh go príomha le linn na tréimhse sin ar mheá na ngabhálacha a tugadh i dtír agus ar thuairisciú na ngabhálacha ar fud na n-ocht mBallstát i Muir Bhailt, agus sa Fhrainc, sa Spáinn, in Éirinn agus san Ísiltír freisin. I roinnt de na Ballstáit sin, nochtadh leis an iniúchadh agus leis na fíoruithe easnaimh thromchúiseacha a bhféadfadh míthuairisciú mór ar ghabhálacha a bheith mar thoradh orthu agus, dá bhrí sin, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an ró-iascaireacht. Ba thosaíocht é oibriú leis na Ballstáit sin chun gníomhartha ceartaitheacha a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh. Rinneadh sraith iniúchtaí freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme Phlean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar san Iodáil, sa Spáinn agus sa Fhrainc, chomh maith le comhlíonadh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Bheilg, in Éirinn agus san Ísiltír.

In go leor cásanna, thug na Ballstáit aghaidh go rathúil ar thorthaí ó iniúchtaí agus ó fhíoruithe mar chuid de mhalartuithe déthaobhacha neamhfhoirmiúla.

Idir 2020 agus 2024, chuir an Coimisiún tús le 37 réamh-idirphlé maidir le tionscnamh imeachta um shárú maidir le rialú iascaigh le 21 Bhallstát, agus dúnadh gach ceann acu. Bhí ceithre réamh-idirphlé maidir le tionscnamh imeachta um shárú a seoladh in 2019 fós ar siúl ag deireadh na tréimhse tuairisciúcháin.

Má shainaithníonn an Coimisiún easnaimh i gcórais rialaithe na mBallstát a éilíonn níos mó iarrachta agus ama do na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu, féadfaidh sé dul i muinín pleananna gníomhaíochta a tharraingt suas leis na Ballstáit sin. Idir 2020 agus 2024, bhunaigh an Coimisiún trí phlean gníomhaíochta nua, rud a fhágann go bhfuil cúig cinn déag de phleananna gníomhaíochta leanúnacha ann san iomlán. Is iad na príomhchuspóirí atá acu aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh sa chóras um chlárú gabhálacha, feabhas a chur ar chórais smachtbhannaí, feabhas a chur ar an bpróiseas bainistithe riosca agus córais bailíochtaithe sonraí agus inrianaitheachta a neartú.

Ar deireadh, in 2020-2024, chuir an Coimisiún tús le 10 nós imeachta um shárú in aghaidh na mBallstát a bhaineann le rialú iascaigh. Bhain na nósanna imeachta sin leis an méid seo a leanas: (i) feirmeacha in iascaigh tuinníní gorma a rialú[30]; (ii) comhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le rialú agus forfheidhmiú na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír[31]; (iii) comhlíonadh dhlí an Aontais maidir leis an gcabhlach seachtrach[32]; (iv) comhlíonadh dhlí an Aontais maidir le gabhálacha a mheá agus a chlárú[33]; agus (v) comhlíonadh dhlí an Aontais maidir le meá, clárú gabhálacha, iompar agus inrianaitheacht[34]. Dúnadh naoi gcinn de na nósanna imeachta sin, agus bhí ceann amháin acu fós ar siúl ag deireadh na tréimhse tuairisciúcháin[35]. Cuireadh clabhsúr ar nós imeachta um shárú amháin a seoladh in 2014 maidir le comhlíonadh forálacha áirithe maidir le meá agus tuairisciú gabhálacha[36]. Cuireadh clabhsúr

30 An Chróit agus Málta

31 An Ísiltír, Éire, an Bheilg, an Fhrainc, an Spáinn

32 an Fhrainc

33 An Ísiltír

34 an Bheilg

35 An Ísiltír

36 an Danmhairg

freisin ar nós imeachta um shárú maidir leis an gcóras pointí le haghaidh sáruithe tromchúiseacha[37].

## 4. Rialú iascaigh agus cur chun feidhme an CBI agus EMFF/EMFAF

Tá an Rialachán um Rialú ar cheann de phríomhcholúin chur chun feidhme an CBI, go háirithe toisc go leagtar síos leis na rialacha maidir le gabhálacha a thuairisciú. Tá na rialacha sin fíor-riachtanach chun a fhíorú go gcomhlíontar teorainneacha gabhálacha a ghlactar go bliantúil. In 2024, chuir an Coimisiún córas TF nua chun feidhme le haghaidh tuairisciú comhiomlánaithe gabhálacha agus iarrachtaí, lena bhforbraítear a acmhainneachtaí chun faireachán a dhéanamh ar theorainneacha gabhálacha agus tuairisciú faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Tháinig feabhas ar thráthúlacht agus iomláine thuairisciú na mBallstát le linn na tréimhse, ach tá roinnt easnaimh leanúnacha fós ar an réimse sin. Cuireann easpa tuairiscithe thráthúil chruinn bac ar obair leantach ar thomhaltas cuótaí agus ar oibriú aistrithe agus asbhaintí.

Bhí úsáid an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh (EMFF) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) ríthábhachtach chun tacú le hiarrachtaí rialaithe iascaigh roinnt Ballstát, rud a fhágann gur colúin fhíor-riachtanacha de chreat rialaithe iascaigh an Aontais iad EMFF agus EMFAF. Faoi EMFF, thuairiscigh na Ballstáit EUR 418 milliún de chaiteachas incháilithe EMFF le haghaidh oibríochtaí rialaithe agus forfheidhmithe le linn na tréimhse 2014-2023[38]. I measc na gcineálacha éagsúla infheistíochta, ba iad seo a leanas na trí chineál infheistíochta ba mhó: (i) ceannach, suiteáil agus forbairt teicneolaíochta (EUR 95 mhilliún); (ii) ceannach modhanna rialaithe eile (EUR 87 milliún); agus (iii) costais oibriúcháin (EUR 82 mhilliún). Bhí thart ar 63 % den chaiteachas iomlán incháilithe CEMI a bhaineann le rialú agus forfheidhmiú sna trí chineál infheistíochta sin le chéile.

Faoi EMFAF, léirigh na Ballstáit EUR 479 milliún i gcláir don chineál idirghabhála 'Rialú agus forfheidhmiú' faoi SO1.4 (Rialú agus forfheidhmiú éifeachtúil iascaigh a chothú, lena n-áirítear dul i ngleic le hiascaireacht NNN, chomh maith le sonraí iontaofa le haghaidh cinnteoireacht eolasbhunaithe). Amhail ag deireadh 2024, faoin gcineál idirghabhála 'Rialú agus forfheidhmiú' thuairiscigh na Ballstáit tacaíocht EMFAF (méideanna geallta i leith tairbhithe) dar luach EUR 118 milliún agus caiteachas EUR 26 mhilliún atá incháilithe do EMFAF. As an EUR 118 milliún de thacaíocht EMFAF, tuairiscíodh EUR 99,2 milliún, nó 84 %, faoin gcineál oibríochta 'Rialú agus forfheidhmiú (poiblí)'. Ar na cineálacha eile oibríochta bhí comhar (EUR 8,7 milliún), cigireachtaí (EUR 3,9 milliún), TF - bogearraí (EUR 3,1 milliún), rialú agus forfheidhmiú (príobháideach), imeachtaí, rialachas, forbairt agus cothabháil TF, comhroinnt eolais agus comhordú breathnóireachta.

## 5. Comhordú leis na Ballstáit, le EFCA agus le comhpháirtithe nach bhfuil san Aontas i bhfóraim idirnáisiúnta

Chun an córas rialaithe iascaigh a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil, tá gá le hidirghníomhaíocht agus comhar leanúnach i measc na mBallstát, an Choimisiúin agus

37 Éire

38 Cumhdaíodh 2014 go 2020 le cistiú EMFF, agus chuaigh caiteachais áirithe níos faide ná sin. Cuireadh tús le cistiú EMFAF in 2021. Ní féidir caiteachas le haghaidh 2020-2024 a leithlisiú

EFCA. Éilítear leis freisin comhar idirnáisiúnta le tíortha nach bhfuil san Aontas agus le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh.

Pléann an Coimisiún cur chun feidhme an Rialacháin um Rialú go tráthrialta leis na Ballstáit agus le EFCA sa ghrúpa saineolaithe um rialú iascaigh. Pléitear saincheisteanna forfheidhmiúcháin sa ghrúpa saineolaithe maidir le comhlíonadh, agus pléitear forbairtí agus cur chun feidhme TF sa ghrúpa saineolaithe maidir le ERS agus bainistiú sonraí.

Ar leibhéal an Aontais, oibríonn an Coimisiún agus EFCA i ndlúthchomhar le chéile chun cur chun feidhme éifeachtúil an chórais rialaithe iascaigh a áirithiú, faisnéis agus sonraí a mhalartú, agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe éagsúla rialaithe iascaigh. Go háirithe, bhí baint ag an gCoimisiún leis na nithe seo a leanas: (i) na gníomhaíochtaí arna n-eagrú ag na grúpaí saineolaithe um rialú réigiúnach agus ag na comhairlí comhairleacha um rialú réigiúnach, i gcás inarb ábhartha; (ii) na gníomhaíochtaí arna n-eagrú ag EFCA chun JDPanna a chur chun feidhme; agus (iii) meitheal EFCA um thuarascálacha leictreonacha cigireachta agus faireachais.

Mar cheannaire domhanda i rialachas na n-aigéan agus mar throdaí túslíne i gcoinne iascaireacht NNN, tá an tAontas gníomhach i rialachas níos fearr na n-aigéan a chur chun cinn, lena n-áirítear bearta rialaithe. I gcomhréir leis an gclár oibre um rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan[39], d’oibrigh an Coimisiún go dlúth le comhpháirtithe ó gach cearn den domhan, amhail eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh[40] agus eagraíochtaí idirnáisiúnta[41]. D’oibrigh sé go déthaobhach agus go hiltaobhach freisin le tíortha cósta nach bhfuil san Aontas ina chomharsanacht, e.g. an Ríocht Aontaithe, tíortha a d’oibrigh leis an Aontas i gcomhaontuithe iascaireachta[42] agus tíortha nach bhfuil san Aontas a ghlac páirt in idirphléití NNN, [43], chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) cothrom iomaíochta i rialú iascaigh a fheabhsú; (ii) comhlíontacht iascaigh a áirithiú; (iii) na caighdeáin is déanaí maidir le rialú iascaigh agus malartú sonraí a chur i bhfeidhm[44]; agus (iv) obair leantach chuí ar neamhchomhlíonadh a áirithiú.

## 6. Conclúid

Le cur chun feidhme agus meastóireacht an Rialacháin um Rialú, cuireadh i dtábhacht an ról ríthábhachtach atá ag rialú iascaigh maidir le cuspóirí an CBI a bhaint amach. Le linn na tréimhse tuairisciúcháin is déanaí, rinneadh dul chun cinn maidir leis an gcóras rialaithe iascaigh a nuachóiriú trí athbhreithniú mór a dhéanamh ar a bhunrialachán, rud a neartóidh comhlíontacht agus a thacóidh a thuilleadh le hiascach inbhuanaithe. Chuidigh iarrachtaí an

---

39 Iarrtar le Gníomh 7 den Chlár Oibre ‘Dul i ngleic le hiascaireacht neamhdhleathach agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní bia aigéin a neartú ar fud an domhain’: https://ec.europa.eu/oceans-and-fisheries/ocean/international-ocean-governance_en

40 Eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh

41 Comhaontuithe idirnáisiúnta

42 Comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe

43 Iascaireacht neamhdhleathach

44 A bhuí le hiarrachtaí an Aontais, ghlac NEAFC caighdeán FLUX le haghaidh malartuithe sonraí i mí na Samhna 2018. Tá tús curtha ag an gCoimisiún freisin leis an gcaibidlíocht maidir le caighdeán NA/FLUX a thabhairt isteach i bhfóraim dhéthaobhacha éagsúla, lena n-áirítear leis an Iorua agus le hOileáin Fharó

Choimisiúin bonneagar TF a fhorbairt, iniúchtaí a dhéanamh, agus treoraíocht shaineolach a chur ar fáil leis na Ballstáit an Rialachán um Rialú a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtaí. Mar thoradh ar na tionscnaimh sin, tá feabhas tagtha ar mhalartú sonraí agus ar fhorfheidhmiú beart caomhnaithe, agus rinneadh próiseas na n-aistrithe cuótaí a chuíchóiriú, rud a fhágann go bhfuil níos mó trédhearcachta agus éifeachtúlachta ann.

Trí úsáid níos mó a bhaint as teicneolaíochtaí nua faireachais, amhail dróin agus córais tuairiscithe leictreonacha shofaisticiúla, cuireadh borradh faoi éifeachtacht na gcigireachtaí agus an fhaireacháin iascaigh, rud a chuireann le comhlíontacht níos fearr agus le cleachtais iascaigh níos inbhuanaithe. Tá acmhainní tiomnaithe ag na Ballstáit freisin chun feabhas a chur ar chumais tuairiscithe agus chigireachta, agus tá méadú mór tagtha ar an líon laethanta patróil ar muir - d'ainneoin phaindéim COVID-19 a tharla le linn na tréimhse tuairisciúcháin - agus ar úsáid oibríochtúil aerárthaí faireachais.

Mar sin féin, tá roinnt easnamh agus dúshlán fós ann nach mór do na Ballstáit aird leanúnach a thabhairt orthu. Áirítear ar shaincheisteanna leanúnacha laigí maidir le meá agus clárú gabhálacha, deacrachtaí maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a rialú agus a fhorfheidhmiú gan REM a úsáid, agus spleáchas ar chórais pháipéarbhunaithe neamhiontaofa. Is gá freisin aghaidh a thabhairt ar easnaimh i mbailíochtú sonraí agus i gcórais inrianaitheachta agus sna smachtbhannaí a chuirtear i bhfeidhm maidir le sáruithe, chun cothrom iomaíochta a áirithiú i measc oibreoirí agus chun forálacha forfheidhmiúcháin a fheabhsú.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, ní mór do na Ballstáit oibriú i gcomhar le chéile chun gníomhartha ceartaitheacha a chur chun feidhme lena neartófar córais rialaithe iascaigh. Le pleananna gníomhaíochta an Choimisiúin, in éineacht le hiniúchtaí agus fíoruithe leanúnacha, soláthraítear creat le haghaidh na bhfeabhsuithe sin. Tá sé fíor-riachtanach comhlíonadh dhlí an Aontais maidir le meá, clárú gabhálacha, iompar agus inrianaitheacht a áirithiú ar mhaithe le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach an iascaigh.

Ag féachaint chun cinn, beidh cur chun feidhme na reachtaíochta athbhreithnithe maidir le rialú ar iascach ina dhlúthchuid de fhreagairt an Aontais ar na dúshláin sin, lena n-áirítear trí úsáid mhéadaithe a bhaint as uirlisí digiteacha chun gníomhaíochtaí na mBallstát agus na n-oibreoirí a shimpliú agus chun an t-ualach riaracháin gaolmhar a mhaolú. Tá sé ríthábhachtach forálacha forfheidhmiúcháin a neartú, cáilíocht agus comhroinnt sonraí iascaigh a áirithiú, agus sineirgí a bhaint amach le beartais eile. Le suiteáil REM amach anseo, cuirfear ar chumas na n-údarás inniúil ábhar muirí aischurtha neamhdhleathach a shainaithint agus dul i ngleic le cásanna neamhchomhlíonta. Trí na bearta sin, tá sé d'aidhm ag an Aontas leanúint de ról ceannasach a bheith aige i rialachas domhanda na n-aigéan agus, san am céanna, an claochlú éiceolaíoch is gá do thodhchaí an iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn.

Leis an Rialachán athbhreithnithe um Rialú, osclaíodh caibidil nua maidir le rialú iascaigh ar leibhéal an Aontais. Áirithítear leis go gcomhlíonann na hiascairí uile, sna himchuacha farraige uile, na rialacha céanna. Cosnaíonn sé oibreoirí macánta agus neartaíonn sé an comhar agus an iontaoibh idir na Ballstáit. Déanann sé an teicneolaíocht a phríomhshruthú chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar oibreoirí a laghdú. Beidh na blianta amach romhainn criticiúil chun é a chur chun feidhme, i dtéarmaí na reachtaíochta tánaistí atá le glacadh ag an gCoimisiún, cur chun feidhme ag na Ballstáit agus forfheidhmiú ar fud imchuacha farraige agus iascaigh. Beidh gá le tiomantas polaitiúil agus rannpháirtíocht theicniúil leanúnach na mBallstát ina leith sin. Beidh na hiarrachtaí sin criticiúil chun go n-éireoidh leis an athbhreithniú ar an Rialachán um Rialú agus chun a áirithiú go mbainfear amach an leibhéal

uaillmhéine arna leagan síos ag na comhreachtóirí, go háirithe maidir le rialú agus simpliú iascaigh a neartú trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha. Tá an Coimisiún tiomanta leanúint de bheith ag obair go trédhearcach agus i gcomhar leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an Rialacháin um Rialú.